

Following are some useful questions about various aspects of peoples jobs.		
1.	Cén post atá agat?	What's your job?
2.	Cén jab atá agat?	What's your job?
3.	Cén tslí bheatha atá agat?	What's your occupation?
4.	An ailtire thú?	Are you an architect?
5.	Is ea. Is ailtire mé.	Yes. I'm an architect.
6.	Ní hea. Ní h-ailtire mé.	No. I'm not an architect.
7.	Cá bhfuil tú ag obair?	Where do you work?
8.	Táim ag obair in oifig.	I work in an office.
9.	Cad a dhéanann tú?	What do you do?

Following are descriptions of various jobs people do.		
10.	Bíonn <b>ailtire</b> ag obair ar shuíomh tógála.	An <b>architect</b> works on a construction site.
11.	Dearann sé foirgnimh.	He designs buildings.
12.	Bíonn <b>báicéir</b> ag obair i mbácús.	A <b>baker</b> works in a bakery.
13.	Déanann sé arán agus cístí milse.	He makes bread and cakes.
14.	Bíonn <b>banaltra</b> ag obair in ospidéal.	A <b>nurse</b> works in a hospital.
15.	Tugann sí aire do na h-othair.	She takes care of the patients.
16.	Bíonn <b>banríon</b> ina cónaí i bpálás.	A <b>queen</b> lives in a palace.
17.	Rialaíonn sí a tír.	She rules over her country.
18.	Bíonn <b>bean rialta</b> ina cónaí i gclóchar.	A <b>nun</b> lives in a convent.
19.	Caitheann sí a cuid ama ag urnaí.	She spends her time praying.
20.	Bíonn <b>breitheamh</b> ina shuí os comhar cúirte.	A <b>judge</b> sits in front of a court.
21.	Tugann sé breitheanna ar chásanna.	He makes judgments on cases.
22.	Bíonn <b>cócaire</b> ag obair i gcistin bialainne.	A <b>cook</b> works in a restaurant kitchen.
23.	Ullmhaíonn sé bia do chustaiméirí na bialainne.	He prepares food for the customers of the restaurant.
24.	Tagann <b>custaiméir</b> isteach i siopa.	A <b>customer</b> comes into a shop.
25.	Ceannaíonn sé earraí an tsiopa.	He buys the goods of the shop.
26.	Bíonn <b>damhsóir</b> ag damhsa i gcomórtas.	A <b>dancer</b> dances in a competition.
27.	Caitheann sé éadaí deasa.	He wears nice clothes.
28.	Bíonn <b>dlíodóir</b> ag obair i gcúirt dlí.	A <b>lawyer</b> works at a law court.
29.	Feidhmíonn sé ar son a chliant.	He acts on behalf of his clients.
30.	Bíonn <b>dochtúir</b> ag obair in ospidéal.	A <b>doctor</b> works in a hospital.
31.	Tugann sé aire do dhaoine tinne.	He takes care of sick people.
32.	Bíonn <b>ealaíontóir</b> ag obair i stiúideo.	An <b>artist</b> works in a studio.
33.	Feictear a shaothar i ndánlann.	You see his work in a gallery.
34.	Bíonn <b>fear dóiteáin</b> ag obair ar ineall dóiteáin.	A <b>fireman</b> works on a fire engine.
35.	Múchann sé dóiteáin.	He puts out fires.
36.	Bíonn <b>fear poist</b> ag obair in oifig an phoist.	A <b>postman</b> works in the post office.
37.	Seachadann sé litreacha agus bearta.	He delivers letters and packages.
38.	Bíonn <b>feirmeoir</b> ag obair ar fheirm.	A <b>farmer</b> works on a farm.
39.	Cuireann sé síolta agus baineann sé an fómhar.	He plants seeds and reaps the harvest.
40.	Bíonn <b>fiacloir</b> ag obair in oifig phríobháideach, de ghnáth.	A <b>dentist</b> works in a private office, usually.
41.	Líonann sé fiacla lofa.	He fills decayed teeth.

42.	Bíonn <b>freastalaí</b> ag obair i mbialann.	A <b>waiter</b> works in a restaurant.
43.	Tugann sé bia do na custaiméirí.	He brings food to the customers.
44.	Bíonn <b>gadaí</b> ag obair i dtithe daoine eile.	A <b>thief</b> works in other peoples houses.
45.	Goideann sé rudaí a bhaineann le daoine eile.	He steals things that belong to other people.
46.	Bíonn <b>garda</b> ag obair i stáisiúin na ngardaí.	A <b>garda</b> works in the garda station.
47.	Gabhann sé ar ghadaithe.	He catches thieves.
48.	Bíonn <b>gréasaí</b> ag obair i gceardlann.	A <b>cobbler</b> works in a workshop.
49.	Deisíonn sé bróga caite.	He repairs worn-out shoes.
50.	Bíonn <b>gruagaire</b> ag obair i siopa gruaige.	A <b>hairdresser</b> works in a hair salon.
51.	Gearrann sé gruaig a chuid custaiméirí.	He cuts his customers' hair.
52.	Bíonn <b>iascaire</b> ag obair i mbád.	A <b>fisherman</b> works in a boat.
53.	Maraíonn sé éisc.	He catches fish.
54.	Bíonn <b>manach</b> ina chonaí i mainistir.	A <b>monk</b> lives in a monastery.
55.	Caitheann sé a chuid ama ag urnaí.	He spends his time praying.
56.	Bíonn <b>meicneoir</b> ag obair i ngaráiste.	A <b>mechanic</b> works in a garage.
57.	Deisíonn sé cairr bhriste.	He fixes broken cars.
58.	Bíonn <b>múinteoir</b> ag obair i scoil.	A <b>teacher</b> works in a school.
59.	Múineann sé na daltaí.	He teaches the students.
60.	Bíonn <b>píolóta</b> ag obair ar eitleán.	A <b>pilot</b> works on a plane.
61.	Stiúrann sé an t-eitleán.	He steers the plane.
62.	Bíonn <b>pluiméir</b> ag obair i dtithe daoine eile.	A <b>plumber</b> works in other peoples houses.
63.	Deisíonn sé píopaí briste.	He fixes broken pipes.
64.	Bíonn <b>poitigéir</b> ag obair i gcógaslann.	A <b>pharmacist</b> works in a pharmacy.
65.	Líonann sé oidis.	He fills prescriptions.
66.	Bíonn <b>rí</b> ina chónaí i bpálás nó i gcaisleán.	A <b>king</b> lives in a palace or castle.
67.	Rialaíonn sé a thír.	He rules his country.
68.	Bíonn <b>ríomhchláiritheoir</b> ag obair i gcubhacal.	A <b>programmer</b> works in a cubicle.
69.	Scríobhann sé cláracha do ríomhairí.	He writes programs for computers.
70.	Bíonn <b>rúnaí</b> ag obair in oifig.	A <b>secretary</b> works in an office.
71.	Seolann sé teachtaireachtaí chuig custaiméirí.	He sends messages to customers.
72.	Bíonn <b>sagart</b> ag obair i séipéal.	A <b>priest</b> works in a church.
73.	Déarann sé an tAifreann gach seachtain.	He says mass every week.
74.	Bíonn <b>saighdiúir</b> ag obair in arm.	A <b>soldier</b> works in an army.
75.	Troideann sé in aghaidh arm eile.	He fights against other armies.
76.	Bíonn <b>siopadóir</b> ag obair i siopa.	A <b>storekeeper</b> works in a shop.
77.	Díolann sé a chuid earraí do chustaiméirí.	He sells his goods to customers.
78.	Bíonn <b>siúinéir</b> ag obair i gceardlann.	A <b>carpenter</b> works in a workshop.
79.	Deisíonn sé troscán briste.	He fixes broken furniture.